Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2022**
**(OR. fr, en)**

**10677/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0201(COD)**

**CLIMA 320**
**ENV 667**
**AGRI 289**
**FORETS 53**
**ONU 91**
**CODEC 1010**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10330/1/22 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10857/21 - COM (2021) 554 final |
| Ábhar: | An pacáiste 'Oiriúnach do 55'<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil úsáide talún, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú<br>– Cur chuige ginearálta |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, faoi chuimsiú an phacáiste 'Oiriúnach do 55', togra le haghaidh Rialachán (AE) 2018/841 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta, lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030 agus lena ngealltar go mbainfear amach ar bhonn comhchoiteann an aeráidneodracht faoi 2035 san earnáil úsáide talún, foraoiseachta agus talmhaíochta, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú[1].

2. Is é príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún an méid a chuireann earnáil na talamhúsáide, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta ('LULUCF') le huaillmhian aeráide fhoriomlán fheabhsaithe an Aontais a neartú do 2030 trí sprioc de chuid an Aontais a leagan síos arb ionann é agus 310 milliún tona CO2 de ghlanaistrithe gás ceaptha teasa ón earnáil LULUCF faoi 2030, agus é dáilte i measc na mBallstát mar spriocanna ceangailteacha náisiúnta.

3. I bParlaimint na hEorpa, tá an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar thús cadhnaíochta. Ceapadh Ville Niinistö (Greens/ALE, FI) ina rapóirtéir. Ceapadh Norbert Lins (PPE, DE) ina rapóirtéir don Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI), a bhfuil stádas coiste comhlachaithe agus inniúlacht chomhroinnte aige maidir le forálacha áirithe. Ghlac an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) a thuairim maidir leis an togra an 16 Bealtaine 2022. Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an togra an 8 Márta 2022.

4. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh an 8 Nollaig 2021. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 27-29 Márta 2022.

[1] 10857/21 + ADD 1 go 4.

5. Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle Comhshaoil maidir leis na cúig thogra ón bpacáiste 'Oiriúnach do 55' ina réimsí inniúlachta, lena n-áirítear an togra LULUCF, le linn na gcruinnithe a bhí aici an 20 Nollaig 2021[2] agus an 17 Márta 2022[3].

6. An 13 Bealtaine 2022, phléigh Coiste na mBuanionadaithe(Coreper) an togra ar bhonn nóta ón Uachtaránacht[4] d'fhonn treoir a chur ar fáil maidir le hobair bhreise.

7. Ar leibhéal na meithle, lean Uachtaránacht na Fraince den togra a scrúdú ag ocht gcruinniú de chuid na Meithle um an gComhshaol. Le linn an chruinnithe is déanaí an 3 Meitheamh 2022, scrúdaigh an Mheitheal an tríú leagan athbhreithnithe den téacs comhréitigh ón Uachtaránacht[5].

8. Scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht an 15 Meitheamh 2022, agus ansin téacs comhréitigh nua ina raibh roinnt theoranta athruithe an 22 Meitheamh 2022[6], mar ullmhúchán don phlé a dhéanfaidh an Chomhairle Comhshaoil ar an gcomhad sin ag an gcruinniú a bheidh aici an 28 Meitheamh 2022.

9. Tá an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, arb é an leagan a scrúdaigh Coreper an 22 Meitheamh 2022, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

---

[2] 14585/21.
[3] 6668/2/22 REV 2.
[4] 8733/22.
[5] 7985/3/22 REV 3.
[6] 9906/22 et 10330/1/22 REV 1.

## II. PRÍOMHGHNÉITHE AN CHOMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

10. I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, moltar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht gan athrú a dhéanamh ar sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le 310 Mt CO2 de ghlanaistrithe in earnáil LULUCF in 2030, a fuair tacaíocht fhorleathan ó na toscaireachtaí. Maidir le spriocanna náisiúnta, coinnítear sa téacs comhréitigh dáileadh na spriocanna mar a mholann an Coimisiún. D'fhonn aird a thabhairt ar an imní atá ar go leor toscaireachtaí maidir le héagsúlacht bhunúsach idirbhliantúil na hearnála LULUCF agus maidir le hintuarthacht na gcuspóirí, molann an Uachtaránacht, mar sin féin, athruithe tábhachtacha i ndáil leis an bpróiseas comhlíonta, chun cabhrú leis na Ballstáit a gcuid spriocanna faoi seach a bhaint amach agus a leibhéal uaillmhéine á choimeád acu ag an am céanna. Baineann príomhábhair an togra comhréitigh ón Uachtaránacht leis na pointí a leanas.

(a) Cur i láthair na gcuspóirí agus na conaire líní (Airteagal 4, aithris 5 agus aithris 6), ceartúchán teicniúil (Airteagal 4 agus Airteagal 14, aithris 13a agus aithris 13b)

- Moltar sa téacs comhréitigh buiséad cúig bliana le haghaidh glanastaíochtaí nó glanaistrithe thar an tréimhse 2026-2030, a chuirfí in ionad na spriocanna bliantúla ceangailteacha do na blianta 2026 go 2029, agus an oibleagáid maidir leis na spriocanna náisiúnta a bhaint amach don bhliain 2030 á coinneáil. Measann an Uachtaránacht go bhfuil sé riachtanach sprioc 2030 a bhaint amach mar cheann scríbe ag deireadh na tréimhse 2026-2030 ar leibhéal gach Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar an sprioc -310 Mt, arb é sin suim na spriocanna náisiúnta do 2030, a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann. Tá sé beartaithe freisin spriocanna náisiúnta a chur in iúl i dtéarmaí coibhneasta chun a n-intuarthacht agus a dtrédhearcacht a mhéadú, agus deireadh a chur leis an ngá atá le ceartú teicniúil chun spriocanna na mBallstát a rialú.

- Coinníonn an Uachtaránacht socrú chonair 2026-2030 ar bhonn na sonraí do 2021, 2022 agus 2023, mar a mhol an Coimisiún, agus í den tuairim gurb ionann an moladh seo agus an chothromaíocht idir intuarthacht agus úsáid na sonraí is déanaí.

(b) Rialachas na spriocanna (Airteagal 13c)

Cháin an-chuid toscaireachtaí sásra rialachais na spriocanna mar a mhol an Coimisiún é agus mar a leagtar amach é in Airteagal 13c. Tar éis plé a dhéanamh ar roghanna éagsúla, ina togra comhréitigh d'aontaigh an Uachtaránacht Airteagal 13c a scriosadh don tréimhse 2026-2030, gan Airteagal 9 den Rialachán maidir le comhroinnt díchill a thabhairt isteach an athuair, ag tabhairt dá haire go leanann na spriocanna LULUCF de bheith ceangailteach ó thaobh dlí, leis an rogha sin.

(c) Solúbthachtaí ginearálta (Airteagal 12(3))

Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, cuirtear deireadh leis an bhféidearthacht creidmheasanna LULUCF a chur i gcúlchiste idir an dá thréimhse chomhlíonta (2021-2025 agus 2026-2030), mar a mhol an Coimisiún. Measann an Uachtaránacht gur ráthaíocht riachtanach don tsláine comhshaoil é an fhoráil seo a scriosadh, toisc gur gá carnadh creidmheasanna LULUCF ag deireadh an dara tréimhse a sheachaint, rud a bhainfeadh an bonn de bhaint amach chuspóir -310 Mt.

(d) Sásra breise solúbthachta atá nasctha le tionchair aeráide agus le cion na n-ithreacha orgánacha (Airteagal 13b (6), aithris 12a)

Mar fhreagairt ar an imní atá ar roinnt mhaith toscaireachtaí faoin deacracht a bhaineann lena spriocanna a bhaint amach i ngeall ar thosca nach bhfuil neart acu orthu, molann an Uachtaránacht solúbthacht bhreise a chruthú a mhéid a bhaineann le tionchair aeráide agus le hithreacha orgánacha ar bhonn critéar agus táscairí oibiachtúla intomhaiste. Ina theannta sin, d'fhonn rochtain a bheith acu ar an tsolúbthacht sin, ní mór do na Ballstáit lena mbaineann fianaise a chur faoi bhráid an Choimisiúin de réir modheolaíochta atá sainithe go maith.

(e) Coinníollacha a bhaineann le húsáid an tsásra solúbthachta don úsáid talún (Airteagal 13b, Iarscríbhinn VII)

- Méadú ó 20 % go 40 % ar chion an fharasbairr de ghlanaistrithe don tréimhse 2021-2025 ar féidir leis an gCoimisiún a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige ar bhain an tAontas a sprioc amach do 2030 nó nár bhain;
- Truicearú uathoibríoch solúbthachta ar bhonn critéir shoiléire réamhshainithe;
- An srian dá bhforáiltear in Airteagal 13b(4) a scriosadh, gan cead a thabhairt ach linnte cúitimh a chumhdach a dtugtar cuntas orthu mar astaíochtaí i gcoinne sprioc an Bhallstáit;
- Na coinníollacha a bhaint maidir leis na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 12(2) agus in Airteagal 7(1) de ESR a bheith ídithe roimh ré le go bhféadfaí leas a bhaint as Airteagal 13b.

Molann an Uachtaránacht freisin go gcoinneofaí an dá dháileadh cothrom le méid uasta an tsásra solúbthachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII chun a áirithiú go mbainfear amach sprioc an Aontais de -310.

(f) Suaití nádúrtha a chur san áireamh (Airteagal 10, Airteagal 13b agus aithris 9)
Tá sé beartaithe Airteagal 10 (a scriosadh sa togra ón gCoimisiún) a thabhairt isteach arís don tréimhse 2026-2030. Má úsáideann Ballstát an tAirteagal seo, áfach, ní fhéadfaidh sé an cúiteamh a fháil as suaitheadh nádúrtha dá bhforáiltear in Airteagal 13b(5).

(e) Creat iar-2030 (Airteagal 17, aithris 9a)

Mheas tromlach mór na dtoscaireachtaí go mbeadh sé róluath cuspóirí iar-2030 a thabhairt isteach agus colún AFOLU a chruthú i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo ar an Rialachán. Dá bhrí sin, molann an Uachtaránacht na saincheisteanna sin a chur san áireamh san athbhreithniú dá bhforáiltear in Airteagal 17. Ina mheasúnú ar indéantacht an chuspóra aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2035 in earnáil AFOLU, ba cheart don Choimisiún iarmhairtí struchtúr aoise foraoisí a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear éifeachtaí a bhaineann le forghabháil talún agus le himthosca cogaidh agus iarchogaidh.

(f) Faireachán agus tuairisciú (Iarscríbhinn III)

Agus an cáineadh a rinne roinnt mhaith toscaireachtaí á chur san áireamh, foráiltear leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht do sholúbthacht maidir le ceanglais faireacháin agus tuairiscithe, go háirithe trí ghlacadh mhodheolaíocht Leibhéal 3 a dhéanamh roghnach ó 2026 ar aghaidh, mar aon leis an liosta talún a bhfuil faireachán le déanamh air.

(g) Bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin (BECCS) (Aithris 10a)

I bhfianaise a thábhachtaí atá sé réitigh inbhuanaithe a fhorbairt maidir le baint carbóin d'fhonn carbóin-neodracht a bhaint amach faoi 2050, molann an Uachtaránacht tagairt a dhéanamh don tsaincheist sin in aithris nua, ina luafaí an ról atá ag réitigh theicneolaíocha amhail bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin.

## III. STAID NA hIMEARTHA

11. Le linn an phlé a rinneadh in Coreper an 22 Meitheamh 2022, chuir tromlach mór na dtoscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad leis an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht. Bhí forchoimeádais ag roinnt toscaireachtaí maidir le pointí sonracha sa téacs.

12. Ar bhonn an phlé a rinneadh go dtí seo, measann an Uachtaránacht go léirítear cothromaíocht idir seasaimh éagsúla na dtoscaireachtaí sa téacs comhréitigh is déanaí uaithi. Measann an Uachtaránacht gur leor é an comhréiteach foriomlán chun a dhóthain solúbthachtaí a chur i dtoll a chéile chun cabhrú leis na Ballstáit a gcuid spriocanna a bhaint amach faoin 2030 agus sláine comhshaoil an Rialacháin a chaomhnú.

## IV. CONCLÚID

13. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle Comhshaoil an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir le Cur Chuige Ginearálta, a bheidh mar bhonn caibidlíochta amach anseo le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra ón gCoimisiún sa ghnáthnós imeachta reachtach.

**IARSCRÍBHINN**

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, lena simplítear na rialacha comhlíontachta agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

7 IO C […], […], lch. […].
8 IO C […], […], lch. […].

(1) Comhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 (‘Comhaontú Pháras’). D'aontaigh na Páirtithe ann an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.

(2) Maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, is nithe iad atá i gcroílár na Teachtaireachta ‘maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip’ a ghlac an Coimisiún an 11 Nollaig 2019[9]. Tá riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise tionchar tromchúiseach phaindéim COVID-19 ar shláinte agus ar fholláine eacnamaíoch shaoránaigh an Aontais.

(3) Gheall an tAontas glanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud gheilleagar an Aontais a laghdú faoi 55 % ar a laghad faoi bhun na leibhéal a bhí ann in 1990 faoi 2030 sa ghealltanas maidir le hastaíochtaí a laghdú a tugadh cothrom le dáta agus a cinneadh go náisiúnta, ar gealltanas é a cuireadh faoi bhráid Rúnaíocht UNFCCC an 17 Nollaig 2020[10].

9 COM(2019) 640 final.
10 https://www4.unfccc.int/sites/ndcstaging/PublishedDocuments/European%20Union%20First/EU_NDC_Submission_December%202020.pdf

(4) I Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], rinne an tAontas an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 a chumhdach sa reachtaíocht. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach de chuid an Aontais laghdú 55 % ar a laghad faoi bhun na leibhéal a bhí ann in 1990 ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) a bhaint amach faoi 2030. Beifear ag súil go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar le gnóthú na sprice sin, lena n-áirítear earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta. Beidh rannchuidiú na nglanaistrithe le sprioc aeráide 2030 an Aontais teoranta do 225 mhilliún tona de choibhéis $CO_2$. I gcomhthéacs Rialachán (AE) 2021/1119, d'athdhearbhaigh an Coimisiún i ráiteas comhfhreagrach an rún atá aige leasú ar Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] a mholadh, i gcomhréir leis an uaillmhian glanaistrithe carbóin a mhéadú chuig leibhéil os cionn 300 milliún tona de choibhéis $CO_2$ ar earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta faoi 2030.

(5) D'fhonn rannchuidiú leis an uaillmhian mhéadaithe chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ó 40 % ar a laghad go dtí 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990, ba cheart spriocanna ceangailteacha maidir le méadú ar ghlanaistrithe gás ceaptha teasa a shocrú le haghaidh gach Ballstáit i dtaca le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta idir 2026 agus 2030, ar spriocanna iad óna dtiocfaidh sprioc 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ i nglanaistrithe don Aontas trí chéile in 2030. Leis an modheolaíocht a úsáidtear chun na spriocanna náisiúnta a bhunú do 2030 ba cheart a chur san áireamh an bhearna idir sprioc an Aontais agus na meánlíonta astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe ó na blianta 2016, 2017 agus 2018, arna dtuairisciú ag gach Ballstát san aighneacht uathu in 2020; agus ba cheart a léiriú inti an fheidhmíocht mhaolaithe reatha maidir le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, agus sciar gach Ballstáit den achar talún bainistithe san Aontas, agus cumas an Bhallstáit sin á thabhairt san áireamh chun a fheidhmíocht a fheabhsú san earnáil trí mheán cleachtais bhainistíochta talún nó athruithe ar úsáid talún a théann chun tairbhe na haeráide agus na bithéagsúlachta.

---

**11** Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).'.

**12** Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

(6) Ba cheart na spriocanna ceangailteacha maidir le huaillmhian mhéadaithe i ndáil le haistrithe gás ceaptha teasa a chinneadh le aghaidh gach Ballstáit de réir treocht líneach. Ba cheart tús a chur leis an treocht in 2022, maidir le meánlíon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairiscíonn an Ballstát sin le linn 2021, 2022 agus 2023, agus ba cheart deireadh a chur léi in 2030 ar an sprioc a bheidh leagtha amach don Bhallstát sin. Chun a áirithiú go mbainfear amach sprioc an Aontais do 2030 ar bhonn comhchoiteann, agus éagsúlacht idirbhliantúil na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa in úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht á cur san áireamh, is iomchuí gealltanas a leagan síos do gach Ballstát chun suim glanaistrithe gás ceaptha teasa a bhaint amach don tréimhse ó 2026 go 2030 ('buiséad 2026-2030') de bhreis ar an sprioc náisiúnta don bhliain 2030.

(7) Sa Teachtaireacht an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le Dlús a chur le huaillmhian 2030 na hEorpa maidir leis an aeráid[13] leagadh amach rogha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht nach astaíochtaí $CO_2$ iad a chur le glanaistrithe na hearnála úsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, agus earnáil talún nua-rialáilte a chruthú dá réir. Is féidir sineirgí a chur chun cinn ó chumasc mar sin idir gníomhartha maolaithe talamh-bhunaithe agus is féidir ceapadh beartas agus cur chun feidhme beartas níos comhtháite a chumasú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart an oibleagáid do Bhallstáit pleananna maolaithe comhtháite a chur isteach i leith na hearnála talún a threisiú.

**13** COM(2020) 562 final.

(8) Maidir le hearnáil na talún, ina gcomhcheanglaítear earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta agus an earnáil talmhaíochta neamh- $CO_2$, tá sé d'acmhainn aici a bheith aeráidneodrach go mear faoi 2035 ar bhealach costéifeachtach, agus ina dhiaidh sin níos mó aistrithe gás ceaptha teasa a ghiniúint ná astaíochtaí. Le gealltanas comhchoiteann, arb é is aidhm dó aeráidneodracht in earnáil na talún a bhaint amach in 2035 ar leibhéal an Aontais, is féidir an chinnteacht pleanála is gá a sholáthar chun gníomh maolaithe talamh-bhunaithe a spreagadh sa ghearrthéarma, i bhfianaise go bhféadfadh blianta go leor a bheith i gceist le gníomh mar sin na torthaí maolaithe inmhianaithe a sholáthar. Thairis sin, meastar go mbeidh an earnáil talún ar an earnáil is mó i bpróifíl flosca gás ceaptha teasa an Aontais in 2050. Tá sé ríthábhachtach dá réir go bhfréamhófaí an earnáil sin i dtreocht lenar féidir glanastaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha a bhaint amach go héifeachtach faoi 2050. Dá bhrí sin, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an chéad stocáirimh dhomhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeadh meastóireacht ar an ngá atá le hastaíochtaí gás ceaptha teasa neamh- $CO_2$ ón talmhaíocht ar fud an Aontais a chur san áireamh i raon feidhme Rialachán (AE) 2018/841, agus ar a indéanta atá sé déanamh amhlaidh, chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le féachaint le haeráidneodracht a bhaint amach in astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ar fud an Aontais in earnáil na talún faoi 2035, agus ar a indéanta atá sé déanamh amhlaidh, agus, bunaithe ar an measúnú sin, moltaí maidir leis na bearta is gá ón Aontas agus ó na Ballstáit chun an sprioc sin a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann faoi 2035.

(9) Dearadh na rialacha cuntasaíochta a leagtar amach in Airteagail 6, 7, agus 8 de Rialachán (AE) 2018/841 lena fháil amach an méid a rannchuideodh feidhmíocht mhaolaithe in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta le sprioc 2030 an Aontais maidir le laghdú 40 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, sprioc nár áiríodh earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta léi. D'fhonn an creat rialála don earnáil sin a shimpliú, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha cuntasaíochta reatha tar éis 2025, agus ba cheart comhlíonadh spriocanna náisiúnta na mBallstát a fhíorú ar bhonn na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa atá tuairiscithe. Áirithítear leis sin comhsheasmhacht mhodheolaíoch le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], agus cinneadh na sprice nua maidir le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa 55 % ar a laghad, lena n-áirítear freisin earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta. Mar sin féin, ba cheart féidearthacht theoranta a bheith fós ag na Ballstáit astaíochtaí a eascraíonn as suaitheadh nádúrtha a eisiamh óna gcuntais LULUCF le linn na tréimhse 2026-2030.

---

**14** Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa leis an gComhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32) arna leasú le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).

**15** Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018. lch. 26).

(9a) Cuireadh an struchtúr aoise na bhforaoisí san áireamh i Rialachán (AE) 2018/841 faoi chuimsiú ríomh na leibhéal tagartha foraoise. Chun an creat rialála a shimpliú, is iomchuí scor d'úsáid na leibhéal tagartha foraoise chun críocha comhlíonadh a mheasúnú sa tréimhse ó 2026 go 2030. Cé go dtabharfar aghaidh ar shaincheist struchtúr aoise na bhforaoisí le roinnt de na solúbthachtaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá sí fós ina hábhar imní mar d'fhéadfadh méadú teacht ar an tionchar a bheadh aici le himeacht ama i gcúinsí áirithe. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs na tuarascála arna tíolacadh mar chuid den athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/841, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar éifeachtaí struchtúr aoise na bhforaoisí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil baint ag na héifeachtaí sin le himthosca cogaidh nó iarchogaidh ar leith. D'fhéadfaí díriú sa tuarascáil ar bhealaí éagsúla chun na héifeachtaí sin a chur san áireamh i Rialachán (AE) 2018/841 ar bhealach simplí, a bheadh láidir ó thaobh na heolaíochta de, iontaofa agus trédhearcach.

(10) Chun na haistrithe gás ceaptha teasa a fheabhsú, beidh dreasacht dhíreach de dhíth ar fheirmeoirí nó bainisteoirí foraoise aonair chun níos mó carbóin a stóráil ar a dtalamh agus ina bhforaoisí. Is gá níos mó samhlacha gnó nua, atá bunaithe ar dhreasachtaí don fheirmeoireacht carbóin agus ar dheimhniúchán d'aistrithe carbóin, a imscaradh sa tréimhse go dtí 2030. Is leis na dreasachtaí agus na samhlacha gnó sin a chuirfear feabhas ar an maolú aeráide sa bhithgheilleagar, lena n-áirítear trí leas a bhaint as táirgí marthanacha adhmaid lománaithe, agus lánurraim á léiriú do phrionsabail éiceolaíocha lena gcothaítear an bhithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach. Is amhlaidh dá réir ba cheart catagóirí nua táirgí stórála carbóin a thabhairt isteach sa bhreis ar na táirgí adhmaid lománaithe. Na samhlacha gnó, na cleachtais feirmeoireachta agus bainistíochta talún atá ag teacht chun cinn chun feabhas a chur ar aistrithe; rannchuidíonn siad le forbairt chríochach agus fás eacnamaíoch cothrom sna ceantair thuaithe. Cruthaíonn siad deiseanna freisin do phoist nua, agus soláthraíonn siad dreasachtaí don oiliúint, don athoiliúint agus don uasoiliúint ábhartha.

(10a) D'fhonn an sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050 agus chun díriú ar astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go comhsheasmhach go dtiocfaidh méadú leanúnach ar aistrithe gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus buaine á coimeád ag an am céanna. Is dócha go mbeidh gá le réitigh theicniúla amhail Ceapadh agus Stóráil Carbóin Bithfhuinnimh (BECCS) chun aistrithe carbóin a mhéadú agus astaíochtaí diúltacha a áirithiú ar fud an Aontais thar thréimhse níos faide. Mar sin féin, bheadh gá le sainmhíniú fónta iontaofa ar aistrithe carbóin, lena dtabharfaí ráthaíochtaí ó thaobh sláine comhshaoil de, i gcás aon rogha beartais amach anseo chun aistrithe carbóin a áireamh trí réitigh theicniúla amhail BECCS sa chreat tuairiscithe agus cuntasaíochta faoin Rialachán seo, mar réamhchoinníoll riachtanach. Dá bhrí sin, tar éis an creat rialála sin a bhunú trí bhíthin gníomh reachtach maidir le haistrithe carbóin a dheimhniú, beidh sé iomchuí scrúdú a dhéanamh ar an gcuimsiú sin chun an creat do tháirgí stórála carbóin a chomhlánú agus chun na dreasachtaí fadtéarmacha is gá a chur ar fáil chun astaíochtaí déigineacha $CO_2$ ó ghléasraí fuinnimh agus tionsclaíocha atá bunaithe ar bhithmhais a ghabháil agus a stóráil.

(11) I bhfianaise saintréithe earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta i ngach aon Bhallstát, chomh maith leis an gcaoi nach foláir do Bhallstáit a bhfeidhmíocht a mhéadú chun a spriocanna ceangailteacha náisiúnta a ghnóthú; ba cheart raon solúbthachtaí a bheith fós ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear barrachais trádála agus síneadh le solúbthachtaí forais-sonracha, agus urraim á léiriú do shláine comhshaoil na spriocanna.

(12) Ba cheart forálacha malartacha a bheith ar fáil do na Ballstáit in 2032 maidir le suaití nádúrtha (aibitheacha agus bitheacha) amhail dóiteán, lotnaidí, stoirmeacha, tuilte foircneacha agus tréimhsí sínte triomaigh chun aghaidh a thabhairt ar neamhchinnteachtaí a bhíonn ann de bharr próisis nádúrtha nó a eascraíonn ón athrú aeráide in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, athrú sa talamh agus san earnáil foraoiseachta, ar choinníoll nach bhfuil Airteagal 10(1d) den Rialachán seo curtha i bhfeidhm acu, go bhfuil gach solúbthacht eile atá ar fáil dóibh ídithe acu, go bhfuil bearta iomchuí curtha i bhfeidhm acu chun leochaileacht a gcuid talún i leith na suaití sin a laghdú agus go bhfuil sprioc 2030 an Aontais d'earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na bhforaoisí bainte amach.

(12a) Ba cheart sásra breise solúbthachta a chruthú chun éifeachtaí idirleata agus fadtéarmacha an athraithe aeráide a chur san áireamh, ní hionann agus suaitheadh nádúrtha ar dual dóibh a bheith níos sealadaí agus níos áitiúla ó thaobh geografaíochta de. Leis an tsolúbthacht sin, ba cheart go mbeifí in ann éifeachtaí leagáide na mbeart bainistithe a rinneadh san am a chuaigh thart a chur san áireamh, a mbeadh baint acu le sciar d'ithreacha orgánacha ar thalamh bainistithe atá thar a bheith ard i gcomparáid le meán an Aontais i roinnt Ballstát. Ba cheart go dtiocfadh an tsolúbthacht sin ó na méideanna d'Iarscríbhinn VII nár úsáideadh le linn na tréimhse 2021-2030. Ba cheart rochtain ar an tsolúbthacht sin a bheith bunaithe ar fhianaise a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit lena mbaineann, bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar tháscairí oibiachtúla, intomhaiste agus inchomparáide, mar shampla an t-innéacs tuire, de réir bhrí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, arna shainmhíniú mar an cóimheas idir an meándheascadh bliantúil agus an meán-imghalú bliantúil. Ba cheart na solúbthachtaí a leithdháileadh i measc na mBallstát, ag féachaint don fhianaise arna tíolacadh, ar bhonn an chóimheasa idir an méid 50 MtCO2e atá ar fáil le haghaidh solúbthachta agus an méid iomlán a iarrann na Ballstáit sin.

(13) *scriosta*

(13a) Maidir leis na Ballstáit a chuireann feabhas ar a modheolaíocht um ríomh na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe, ba cheart coincheap an cheartúcháin theicniúil a thabhairt isteach. Ba cheart ceartúchán teicniúil a chur le sonraí maidir le fardail astaíochtaí gás ceaptha teasa an Bhallstáit sin chun éifeacht na n-athruithe sa mhodheolaíocht ar an measúnú ar bhaint amach comhchoiteann sprioc an Aontais do 2030 a neodrú, d'fhonn urraim a léiriú don tsláine comhshaoil.

(13b) Cuirfear feabhas ar fhardail ghás ceaptha teasa trí úsáid mhéadaithe a bhaint as teicneolaíocht monatóireachta agus eolas níos fearr. Mar shampla, d'fhéadfadh na saincheisteanna seo a leanas ceartú teicniúil a spreagadh: samhlacha uasghrádaithe, athruithe ar mhodheolaíochtaí tuairiscithe, sonraí nua nó ceartuithe ar earráidí; linnte carbóin nua nó gáis nua a chur san áireamh; sonraí stairiúla amhail nuashonruithe nó comhlánú tréimhsiúil na bhfardal foraoise a athríomh; sonraí iarbhír a chur in ionad toimhdí, mar shampla nuair a dhéantar inathraitheacht aeráide a mheas; Gnéithe nua amhail táirgí stórála carbóin agus suaitheadh nádúrtha (mar shampla leibhéil chúlra agus corrlach faoi seach) a áireamh.

(14) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme fhorálacha Rialachán (AE) 2018/841 i ndáil le leagan amach na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa bliantúla arna mbunú ar bhonn conair líneach le haghaidh gach bliana le linn na tréimhse ó 2026 go 2030 le haghaidh na mBallstát, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

(15) I bhfianaise socrú na spriocanna do ghlan-aistrithe gás ceaptha teasa do na Ballstáit don tréimhse idir 2026 agus 2030, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh chun na sonraí fardail maidir le gáis ceaptha teasa a fhíorú i leith na mblianta 2021, 2022 agus 2023. Chun na críche sin, ba cheart athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh in 2025, i dteannta leis na hathbhreithnithe cuimsitheacha a dhéanfaidh an Coimisiún in 2027 agus 2032 i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/1999.

(15a) Ba cheart luachanna gach Ballstáit do chumhdach mhullaí na gcrann in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841 a ailíniú leis na luachanna arna tuairisciú do UNFCCC nó le aon nuashonruithe a bheidh le déanamh ar na luachanna sin.

---

16 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(16) De bharr an athraithe ar spriocanna atá bunaithe ar thuairisciú, ní mór leibhéal cruinne is airde a bheith leis an meastachán a dhéanfar ar na hastaíochtaí agus na haistrithe gás ceaptha teasa. Thairis sin, éileofar leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030[17], an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[18], Straitéis Foraoiseachta an Aontais[19], Treoir athbhreithnithe (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[21], éileofar faireachán feabhsaithe ar thalamh, rud a chuideoidh le hathléimneacht na n-aistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Is gá uasghrádú a dhéanamh ar an bhfaireachán agus an tuairisciú a dhéanfar ar astaíochtaí agus aistrithe, trí úsáid a bhaint, i gcás inarb infheidhme, as ardteicneolaíochtaí a bheidh ar fáil faoi chláir de chuid an Aontais, cláir amhail Copernicus, agus sonraí digiteacha a bhailítear faoin gComhbheartas Talmhaíochta, agus aistriú déach na nuálaíochta glaise agus digití á chur chun feidhme.

(17) Beidh tionchar ag na hathruithe antrapaigineacha ionchasacha ar an timpeallacht mhuirí agus fionnuisce áfach, mar shampla, ag an síneadh atá beartaithe ar fhuinneamh eischósta, an méadú féideartha ar tháirgeadh dobharshaothraithe agus na leibhéil mhéadaithe de chosaint an dúlra chun na spriocanna i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, beidh tionchar acu go léir ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar a gceapadh. Is amhlaidh faoi láthair nach n-áirítear na hastaíochtaí agus na haistrithe sin leis na táblaí tuairiscithe caighdeánacha chuig UNFCCC. I ndiaidh ghlacadh na modheolaíochta tuairiscithe, breithneoidh an Coimisiún an tuairisciú ar dhul chun cinn, féidearthacht na hanailíse agus an tionchar a bheidh leis an tuairisciú a leathnú chun an comhshaol mara agus fionnuisce a chumhdach, tuairisciú atá bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta is déanaí i leith na bhfloscaí sin, nuair a dhéantar an t-athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Rialachán seo.

---

**17** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, chuig Coiste na Réigiún dar teideal Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol (COM/2020/380 final).

**18** COM/2020/381 final.

**19** *scriosta*

**20** Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

**21** COM/2021/82 final.

(17a) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe gealltanais na mBallstát maidir le hearnáil LULUCF a choigeartú i bhfianaise an Dlí Aeráide Eorpaigh, ar gealltanais iad a rannchuidíonn le spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus le sprioc an Aontais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú don tréimhse ó 2021 go 2030 a chomhlíonadh, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

(18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/1999 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha a bhaineann le:

(a) gealltanais na mBallstát d'earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta a rannchuidíonn le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus le sprioc an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach don tréimhse ó 2021 go 2025;

(b) cuntasaíocht ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, agus chun comhlíonadh na mBallstát leis na gealltanais dá dtagraítear i bpointe (a) don tréimhse idir 2021 agus 2025 a sheiceáil;

(c) sprioc an Aontais do 2030 do ghlanaistrithe gás ceaptha teasa in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta;

(d) spriocanna i gcomhair glanaistrithe gás ceaptha teasa in úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus san fhoraoiseacht le haghaidh na mBallstát don tréimhse idir 2026 agus 2030.**’**

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*‘Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Baineann an Rialachán seo le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa atá liostaithe i gCuid A d’Iarscríbhinn I, mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus a tharlaíonn ar chríocha na mBallstát sa tréimhse idir 2021 agus 2025 in aon cheann de na catagóirí cuntasaíochta talún seo a leanas:

(a) úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí nó talamh eile, atá tiontaithe go talamh foraoise (‘talamh foraoisithe’);

(b) úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh foraoise a tiontaíodh go talamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí nó talamh eile (‘talamh foraoisithe’);

(c) úsáid talún a thuairiscítear mar ceachtar díobh seo a leanas (‘talamh curaíochta bainistithe’):

(i) talamh curaíochta a fhanann mar thalamh curaíochta;

(ii) féarthalamh, bogach, lonnaíocht nó talamh eile, a tiontaíodh go talamh curaíochta;

(iii) talamh curaíochta a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht nó talamh eile;

---

**22** Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 663/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

(d) úsáid talún a thuairiscítear mar ceachtar díobh seo a leanas (‘féarthalamh bainistithe’):

(i) féarthalamh a fhanann mar fhéarthalamh;

(ii) talamh curaíochta, bogach, lonnaíocht nó talamh eile, a tiontaíodh go féarthalamh;

(iii) féarthalamh a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht nó talamh eile;

(e) úsáid talún a thuairiscítear mar thalamh foraoise a fhanann mar thalamh foraoise (‘talamh foraoise bainistithe’);

(f) i gcás inar thug Ballstát fógra don Choimisiún dá rún chun úsáid talún mar sin a áireamh le raon feidhme a ghealltanas de bhun Airteagal 4(1) faoin 31 Nollaig 2020, úsáid talún a thuairiscítear mar cheachtar acu seo a leanas (‘bogach bainistithe’):

— bogach a fhanann mar bhogach;

— lonnaíocht nó talamh eile, a tiontaíodh go bogach;

— bogach a tiontaíodh go lonnaíocht nó talamh eile.

2. Baineann an Rialachán seo freisin le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa atá liostaithe in Alt A d’Iarscríbhinn I, mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999 agus a tharlaíonn ar chríocha na mBallstát sa tréimhse idir 2026 agus 2030 in aon cheann de na catagóirí tuairiscithe talún agus/nó earnálacha seo a leanas:

(a) talamh foraoise;

(b) talamh curaíochta;

(c) féarthalamh;

(d) bogaigh;

(e) lonnaíochtaí;

(f) talamh eile;

(g) táirgí adhmaid lománaithe;

(h) eile;

(i) ionchur atmaisféarach;

(j) láisteadh nítrigin agus leachtú nádúrtha.'

(2a) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe(9):

'(9) ciallaíonn 'suaitheadh nádúrtha' aon teagmhas neamh-antrapaigineach nó aon imthosca neamh-antrapaigineach lena gcruthaítear astaíochtaí móra in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta agus nach bhfuil smacht ag an mBallstát ábhartha orthu, agus nach bhfuil sé ar chumas an Bhallstáit go hoibiachtúil a n-éifeachtaí ar astaíochtaí a theorannú go suntasach, fiú tar éis dóibh tarlú;'.

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(11) ciallaíonn 'athrú aeráide' athrú ar an aeráid arb í gníomhaíocht an duine, go díreach nó go hindíreach, is cúis leo lena n-athraítear comhdhéanamh atmaisféar an domhain agus atá sa bhreis ar athraitheacht aeráide nádúrtha a fheictear thar thréimhsí ama inchomparáide.'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*'Airteagal 4*

**Gealltanais agus spriocanna**

1. Don tréimhse ó 2021 go 2025, agus an tsolúbthacht dá bhforáiltear in Airteagal 12, 13 agus 13a, agus cur i bhfeidhm Airteagal 10(1) á cur san áireamh, áiritheoidh gach Ballstát nach mó na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ná na haistrithe gás ceaptha teasa, arna ríomh mar shuim na n-astaíochtaí iomlána agus na n-aistrithe iomlána ar a chríoch sna catagóirí cuntasaíochta talún uile dá dtagraítear in Airteagal 2(1).

2. Is ionann sprioc 2030 an Aontais maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa agus 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ mar shuim de na glanastaíochtaí agus glanaistrithe gás ceaptha teasa ag Ballstáit in 2030 mar a leagtar amach i gColún D d'Iarscríbhinn IIa, agus beidh sí bunaithe ar an meán dá sonraí fardail gháis cheaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018, mar a cuireadh isteach in 2020.

Áiritheoidh gach Ballstát, agus na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 12, agus 13b agus cur i bhfeidhm Airteagal 10(1a) á dtabhairt san áireamh, nach sáróidh suim bhliantúil a astaíochtaí agus a aistrithe gás ceaptha teasa ar a chríoch agus i ngach ceann de na catagóirí tuairiscithe talún dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), i gcomparáid le meán na sonraí maidir le fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018 de réir mar a tíolacadh in 2032, an sprioc, don bhliain 2030, atá leagtha amach don Bhallstát sin i gColún C d'Iarscríbhinn IIa.

Chomh maith leis sin, áiritheoidh gach Ballstát, agus na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 12 agus 13b agus cur i bhfeidhm Airteagal 10(1a) á gcur san áireamh, nach sáróidh suim na ndifríochtaí do gach bliain sa tréimhse ó 2026 go 2030 idir, ar thaobh amháin, a astaíochtaí agus a aistrithe gás ceaptha teasa ar a chríoch agus sna catagóirí uile maidir le tuairisciú talún dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), agus ar an taobh eile, nach sáróidh an meánluach dá shonraí maidir le fardail gás do na blianta 2021, 2022 agus 2023, mar a cuireadh isteach in 2032, buiséad 2026-2030 arna shainiú mar shuim na ndifríochtaí do gach bliain sa tréimhse ó 2026 go 2030 idir, ar thaobh amháin, teorainnluachanna bliantúla astaíochtaí agus aistrithe gás ceapa teasa do na blianta sin, arna mbunú ar bhonn conair líneach i dtreo 2030, agus, ar an taobh eile, an meánluach dá shonraí maidir le fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023, mar a cuireadh isteach in 2025. Tosóidh conair líneach Ballstáit in 2022 ar an meánluach do na sonraí maidir le fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023, agus is í an críochphointe a bheidh aige do 2030 an luach a gheofar tríd an luach a leagtar amach don Bhallstát sin i gColún C d'Iarscríbhinn IIa a chur leis an meánluach do na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018. Déanfar buiséad 2026-2030 a shainiú ar bhonn na sonraí maidir le fardail gás ceaptha teasa a cuireadh ar fáil in 2025 agus déanfar comhlíontacht leis an mbuiséad sin a mheasúnú ar bhonn na sonraí maidir le fardail gás ceaptha teasa a chuirfear ar fáil in 2032.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach na luachanna bliantúla bunaithe ar an treocht líneach i leith glan-aistrithe gás ceaptha teasa do gach Ballstát, le haghaidh gach bliain sa tréimhse idir 2026 agus 2029 i dtéarmaí tonaí de choibhéis $CO_2$. Beidh na treochtaí náisiúnta sin bunaithe ar mheán na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2021, 2022 agus 2023, arna dtuairisciú ag gach Ballstát.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a. Chun críche na ngníomhartha cur chun feidhme sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na sonraí is déanaí ó na fardail náisiúnta do na blianta 2021, 2022 agus 2023 arna gcur isteach ag na Ballstáit de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2018/1999.'

(4) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar thalamh foraoisithe agus talamh dífhoraoisithe arna ríomh mar na hastaíochtaí iomlána agus na haistrithe iomlána le haghaidh gach ceann de na blianta sa tréimhse ó 2021 go 2025.

2. De mhaolú ar Airteagal 5(3), agus tráth nach déanaí ná 2025, i gcás ina ndearnadh úsáid talún a thiontú ó thalamh curaíochta, féarthalamh, bogach, lonnaíochtaí nó talamh eile go talamh foraoise, féadfaidh Ballstát, 30 bliain tar éis dháta an tiontaithe sin, catagóiriú talún den sórt sin ó thalamh a tiontaíodh ina talamh foraoise go dtí talamh foraoise a fhanann mar thalamh foraoise a athrú, má tá údar cuí leis an athrú sin ar bhonn Threoirlínte IPCC.';

(5) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

‘1. Tabharfaidh gach Ballstát cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.

2. Tabharfaidh gach Ballstát cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.

3. Le linn na tréimhse ó 2021 go 2025, déanfaidh gach Ballstát a chuireann bogach bainistithe san áireamh i raon feidhme a ghealltanais cuntas a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe atá mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe, arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse sin lúide an luach a fhaightear trí mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhonntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.’;

(6) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tabharfaidh gach Ballstát cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar thalamh foraoise bainistithe, arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 lúide an luach a fhaightear trí leibhéal tagartha foraoise an Bhallstáit lena mbaineann a iolrú faoi chúig.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta, ina mbeidh an leibhéal tagartha foraoise atá beartaithe, a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2018 don tréimhse ó 2021 go dtí 2025.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 7, 8, 9 agus 10:

‘7. I gcás inar gá, bunaithe ar na measúnuithe teicniúla agus, i gcás inarb iomchuí, ar na moltaí teicniúla, cuirfidh na Ballstáit a leibhéil tagartha foraoise athbhreithnithe atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2019 don tréimhse ó 2021 go dtí 2025. Foilseoidh an Coimisiún na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe a chuirfidh na Ballstáit in iúl dó.

8. Bunaithe ar na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe arna dtíolacadh ag Ballstáit, ar an measúnú teicniúil arna dhéanamh de bhun mhír 6 den Airteagal seo agus, i gcás inarb infheidhme, ar an leibhéal tagartha foraoise athbhreithnithe atá beartaithe arna thíolacadh faoi mhír 7 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun go leagfar síos na leibhéil tagartha foraoise a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm don tréimhse ó 2021 go 2025.

9. Mura gcuireann Ballstát a leibhéal tagartha foraoise faoi bhráid an Choimisiúin faoi na dátaí a shonraítear i mír 3 den Airteagal seo agus, i gcás inarb infheidhme, i mír 7 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun go leagfar síos an leibhéal tagartha foraoise a chuirfidh an Ballstát sin i bhfeidhm don tréimhse ó 2021 go 2025, bunaithe ar aon mheasúnú teicniúil arna dhéanamh de bhun mhír 6 den Airteagal seo.

10. Glacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 8 agus 9 faoin 31 Deireadh Fómhair 2020 don tréimhse ó 2021 go 2025.’;

(7) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘**Táirgí stórála carbóin**’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun mír 1 den Airteagal seo agus chun Iarscríbhinn V a leasú trí chatagóirí nua de tháirgí stórála carbóin a chur isteach, lena n-áirítear táirgí adhmaid lománaithe, a bhfuil éifeacht ceaptha carbóin acu, bunaithe ar Threoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe in UNFCCC nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, agus tríd an tsláine chomhshaoil a ráthú.';

(8) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'Ag deireadh na tréimhse ó 2021 go 2025, féadfaidh na Ballstáit astaíochtaí gás ceaptha teasa a eisiamh óna gcuid cuntas le haghaidh talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe, ar thoradh iad ar shuaitheadh nádúrtha agus a sháraíonn, in aon bhliain ar leith ó 2001 go 2025, na meán-astaíochtaí arna gcruthú ag suaitheadh nádúrtha sa tréimhse ó 2001 go 2020, gan asluitigh staidrimh ('leibhéal cúlra') a áireamh. Ríomhfar an leibhéal cúlra sin i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinn VI.';

(aa) Cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

'1a. Ag deireadh na tréimhse ó 2026 go 2030, féadfaidh na Ballstáit astaíochtaí gás ceaptha teasa a eisiamh óna gcuid cuntas mar thoradh ar shuaitheadh nádúrtha sna catagóirí tuairiscithe talún dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), a sháraíonn, in aon bhliain ar leith ó 2026 go 2030, na meán-astaíochtaí ó shuaitheadh nádúrtha sa tréimhse ó 2001 go 2020, gan asluitigh staidrimh a áireamh ('leibhéal cúlra'). Ríomhfar an leibhéal cúlra sin i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinn VI.'

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b):

'Sa tréimhse ó 2021 go 2025, ní áireoidh sé gach aistriú ina dhiaidh sin ar an talamh a raibh tionchar ag suaitheadh nádúrtha air sa chuntasaíocht go dtí 2030.'

(c) cuirtear an mhír 2a seo a leanas leis:

‘2a. I gcás ina gcuirfidh Ballstát mír 1a i bhfeidhm, déanfaidh sé an méid a leanas:

(a) cuirfidh sé faisnéis faoin leibhéal cúlra do na catagóirí tuairiscithe talún uile agus faoi na sonraí agus na modheolaíochtaí a úsáideadh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI faoi bhráid an Choimisiúin; agus

(b) sa tréimhse ó 2026 go 2030, ní áireoidh sé gach aistriú ina dhiaidh sin ar an talamh a raibh tionchar ag suaitheadh nádúrtha air sa chuntasaíocht go dtí 2030.’

(9) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘**Solúbthachtaí agus rialachas**’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

(c) ‘1. Féadfaidh Ballstát leas a bhaint as:

(a) na solúbthachtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 12; agus

(b) chun an gealltanas in Airteagal 4 a chomhlíonadh, na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagail 13 agus 13b.

Féadfaidh an Fhionlainn, seachas na solúbthachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), cúitimh bhreise a úsáid de bhun Airteagal 13a.

Cuirfear san áireamh na méideanna cúitimh a úsáidtear faoi na sásraí solúbthachta a luaitear sa mhír seo chun críche chomhlíonadh na sprice 2030 a leagtar amach sa dara fomhír d’Airteagal 4(2), chun aon easnamh i ndáil le buiséad 2026-2030 a leagtar amach sa tríú fomhír d’Airteagal 4(2) a laghdú, go dtí an pointe go laghdófar an t-easnamh sin go nialas. Ní chuirfear na méideanna sin san áireamh mar bharrachais bhreise i ndáil le buiséad 2026-2030 a leagtar amach sa tríú fomhír d’Airteagal 4(2) má shroichtear an buiséad sin cheana féin.’

(10) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

1. Sa tréimhse ó 2021 go 2025, i gcás inar mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe iomlána i mBallstát, nó, sa tréimhse ó 2026 go 2030, ina mbíonn an difríocht idir suim na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa ar chríoch Ballstáit agus na spriocanna a leagtar amach don Bhallstát sin sa tríú fomhír d’Airteagal 4(2) den Rialachán seo dearfach, agus gur roghnaigh an Ballstát sin a sholúbthacht a úsáid, agus gur iarr sé na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí faoi Rialachán (AE) 2018/842 a scriosadh, cuirfear san áireamh cainníocht na leithdháiltí astaíochtaí a scriosadh, de bhun Airteagal 4 i ndáil lena ghealltanas.

2. Sa mhéid go mbeidh, sa tréimhse ó 2021 go 2025, na haistrithe iomlána níos mó ná na hastaíochtaí iomlána i mBallstát, nó, sa tréimhse ó 2026 go 2030, go mbeidh an difríocht idir suim na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na n-aistrithe ar chríoch Ballstáit agus na spriocanna a leagtar amach don Bhallstát sin sa tríú fomhír d’Airteagal 4(2) den Rialachán seo diúltach, agus tar éis aon chainníocht arna cur san áireamh faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842 a dhealú, féadfaidh an Ballstát sin an chainníocht aistrithe atá fágtha a aistriú chuig Ballstát eile. Cuirfear an chainníocht arna haistriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar a ghealltanas a bheith á chomhlíonadh ag an mBallstát a fhaigheann í de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo.

(a) scriostar mír 3.

(b) cuirtear míreanna 5 agus 6 seo a leanas leis:

‘5. Féadfaidh na Ballstáit ioncaim a ghintear le haistrithe de bhun mhír 2 a úsáid chun dul i ngleic leis an athrú aeráide san Aontas nó i dtríú tíortha agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht den sórt sin a dhéanfar.

6. I dtaca le haon aistriú a dhéanfar de bhun mhír 2, féadfaidh sé leanúint as tionscadal nó clár a bhaineann le gáis cheaptha teasa a mhaolú nó clár arna dhéanamh sa Bhallstát díolacháin agus a gheobhaidh luach saothair ón mBallstát glactha, ar choinníoll go ndéanfar áireamh dúbailte a sheachaint agus inrianaitheacht a áirithiú.’;

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

Airteagal 13

**Solúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe**

‘1. I gcás gur mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe iomlána i mBallstát sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1) sa tréimhse ó 2021 go 2025, [a dtugtar cuntas orthu i gcomhréir leis an Rialachán seo,] féadfaidh an Ballstát sin leas a bhaint as an tsolúbthacht a leagtar amach san Airteagal seo maidir le talamh foraoise bainistithe chun Airteagal 4(1) a chomhlíonadh.

2. I gcás gur figiúr dearfach a bheidh i dtoradh an ríomha dá dtagraítear in Airteagal 8(1), sa tréimhse ó 2021 go 2025, beidh an Ballstát lena mbaineann i dteideal na hastaíochtaí a tharla mar thoradh ar an ríomh a chúiteamh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(a) d’áirigh an Ballstát sa straitéis a chuir sé isteach i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999, bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na taiscumair foraoise; agus

(b) nach mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe iomlána sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo don tréimhse ó 2021 go 2025.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar cibé ar mó nó nach mó iomlán na n-astaíochtaí ná iomlán na n-aistrithe laistigh den Aontas, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), áiritheoidh an Coimisiún go seachnóidh na Ballstáit an comhaireamh dúbailte, go háirithe agus na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagal 12 den Rialachán seo agus in Airteagal 7(1) nó 9(2) de Rialachán (AE) 2018/842 á bhfeidhmiú.

3. Leis an gcúiteamh dá dtagraítear i mír 2 ní féidir ach linnte ar a dtugtar cuntas mar astaíochtaí in aghaidh leibhéal tagartha foraoise an Bhallstáit, agus ní fhéadfaidh an cúiteamh sin, don tréimhse ó 2021 go 2025, a bheith níos mó ná 50 % den uasmhéid cúitimh don Bhallstát lena mbaineann a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

4. Cuirfidh na Ballstáit fianaise faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar suaití nádúrtha arna ríomh de bhun Iarscríbhinn VI, chun go mbeidh siad incháilithe do chúiteamh a fháil ar fhuílleach na linnte a dtugtar cuntas orthu mar astaíochtaí in aghaidh leibhéal tagartha foraoise, suas go dtí an méid iomlán cúitimh don tréimhse ó 2021 go 2025 nár úsáid Ballstáit eile a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. I gcás ina sáraíonn an t-éileamh ar chúiteamh an méid cúitimh neamhúsáidte atá ar fáil, déanfar an cúiteamh a dháileadh ar bhonn *pro rata* i measc na mBallstát lena mbaineann.';

(12) cuirtear an tAirteagal 13a seo a leanas isteach:

'Airteagal 13a

**Cúitimh bhreise**

1. Is féidir leis an bhFionlainn cúiteamh a thabhairt suas go dtí 5 mhilliún tona breise de choibhéis $CO_2$ d'astaíochtaí ar a dtugtar cuntas faoi na catagóirí cuntasaíochta talún den talamh foraoise bainistithe, talamh dífhoraoisithe, talamh curaíochta agus féarthalamh bainistithe, sa tréimhse idir 2021 agus 2025, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) d'áirigh an Fhionlainn ina straitéis a chuir sí isteach i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/1999, bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte foraoise agus na taiscumair foraoise;

(b) nach mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe iomlána sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo sa tréimhse ó 2021 go 2025.

Agus measúnú á dhéanamh aige ar cibé ar mó nó nach mó iomlán na n-astaíochtaí ná iomlán na n-aistrithe laistigh den Aontas, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), áiritheoidh an Coimisiún go seachnóidh na Ballstáit an comhaireamh dúbailte, go háirithe agus na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagal 12 agus 13 den Rialachán seo agus in Airteagal 7(1) nó 9(2) de Rialachán (AE) 2018/842 á bhfeidhmiú.

2. Tá na cúitimh bhreise teoranta don mhéid a leanas:

(a) an méid a sháraíonn an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise atá ar fáil don Fhionlainn sa tréimhse ó 2021 go 2025 de bhun Airteagal 13;

(b) na hastaíochtaí arna gcruthú ag athrú stairiúil ó thalamh foraoise chuig aon chatagóir eile úsáide talún a tharla tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2017;

(c) comhlíontacht le hAirteagal 4.

3. Is féidir nach dtiocfaidh na cúitimh bhreise faoi réir aistrithe de bhun Airteagal 12 den Rialachán seo nó Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/842.

4. Aon chúiteamh breise neamhúsáidte as an 5 mhilliún tona de choibhéis $CO_2$ dá dtagraítear i mír 1, déanfar iad a chealú.

5. Déanfaidh an Riarthóir Lárnach mír 2, pointe (a), agus míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo i gClárlann an Aontais arna bunú de bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/1999.';

(13) cuirtear an tAirteagal 13b seo a leanas isteach:

'Airteagal 13b

**Sásra solúbthachta um úsáid talún do na blianta 2026 go 2030**

1. Déanfar sásra solúbthachta úsáide talún ina mbeidh cainníocht dar luach suas le 178 milliún tona de choibhéis $CO_2$ a bhunú i gClárlann an Aontais faoi réir chomhlíonadh na sprice sin de chuid an Aontais de bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999, faoi réir chomhlíonadh sprioc an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 4(2). Beidh an sásra solúbthachta ar fáil i dteannta na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 12.

2. I gcás inar mó an difríocht idir suim na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa ar chríoch Ballstáit sa tréimhse ó 2026 go 2030, agus sna catagóirí tuairiscithe talún ar fad dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), agus gur dearfach iad na spriocanna comhfhreagracha a leagtar amach don Bhallstát sin sa dara fomhír d'Airteagal 4(2) nó sa tríú fomhír d'Airteagal 4(2) a dtabharfar cuntas agus tuairisciú ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh an Ballstát sin leas a bhaint as an tsolúbthacht a leagtar amach san Airteagal seo chun a sprioc a leagtar amach de bhun Airteagal 4(2) a chomhlíonadh.

3. I gcás ina mbeidh toradh dearfach ar an ríomh dá dtagraítear i mír 2, sa tréimhse ó 2026 go 2030, beidh an Ballstát lena mbaineann i dteideal glanastaíochtaí agus/no glan-aistrithe arna gcur san áireamh mar astaíochtaí a chúiteamh leis na spriocanna atá leagtha amach don Bhallstát sin sa dara fomhír d'Airteagal 4(2) nó sa tríú fomhír d'Airteagal 4(2), ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) maidir leis an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe arna chur isteach aige de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999, tá bearta sonracha leanúnacha nó pleanáilte arna gcur san áireamh ag an mBallstát ann chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, de réir mar is iomchuí, na linnte talún agus na taiscumair talún agus go maolófar leochaileacht na talún ar shuaitheadh nádúrtha;

(b) tá an tsolúbthacht atá ar fáil de bhun Airteagal 12(1) den Rialachán seo ídithe ag an mBallstát;

(c) gur diúltach í an difríocht san Aontas idir suim bhliantúil na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa uile ar a chríoch agus sna catagóirí tuairiscithe talún uile dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), agus sprioc an Aontais 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ de ghlan-aistrithe a bhaint amach in 2030.

Agus measúnú á dhéanamh aige an gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i bpointe (c), laistigh den Aontas, áireoidh an Coimisiún 40 % den bharrachas ar ghealltanais na mBallstát faoi Airteagal 4(1) ón tréimhse ó 2021 go 2025, ar choinníoll go gcuirfidh Ballstát amháin nó níos mó fianaise faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar suaitheadh nádúrtha i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo. Áiritheoidh an Coimisiún sa mheasúnú sin freisin go seachnóidh na Ballstáit an comhaireamh dúbailte, go háirithe agus na solúbthachtaí a leagtar amach in Airteagal 12 den Rialachán seo agus in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2018/842 á bhfeidhmiú.

4. Ní fhéadfaidh an méid cúitimh dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal a bheith níos mó, don tréimhse ó 2026 go 2030, ná 50 % den uasmhéid cúitimh don Bhallstát lena mbaineann a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

5. Cuirfidh na Ballstáit sin nach bhfuil Airteagal 10(1a) den Rialachán seo curtha i bhfeidhm acu, cuirfidh siad faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar suaite nádúrtha arna ríomh de bhun Iarscríbhinn VI, chun go mbeidh siad incháilithe do chúiteamh ar ghlan-astaíochtaí agus/nó glan-aistrithe a dtugtar cuntas orthu mar astaíochtaí i ndáil leis na spriocanna a leagtar amach do na Ballstáit sin in sa dara fomhír d’Airteagal 4(2), nó sa tríú fomhír d’Airteagal 4(2) suas go dtí an méid iomlán cúitimh don tréimhse ó 2026 go 2030 nár úsáid Ballstáit eile a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. I gcás ina sáraíonn an t-éileamh ar chúiteamh an méid cúitimh neamhúsáidte atá ar fáil, déanfar an cúiteamh a dháileadh ar bhonn *pro rata* i measc na mBallstát lena mbaineann.

6. Beidh na Ballstáit i dteideal glanastaíochtaí agus/nó glan-aistrithe a dtugtar cuntas orthu mar astaíochtaí a chúiteamh leis na spriocanna a leagtar amach do na Ballstáit sin sa dara fomhír d’Airteagal 4(2) nó sa tríú fomhír d’Airteagal 4(2), suas go dtí an méid iomlán cúitimh don tréimhse ó 2021 go 2023 nár úsáid na Ballstáit eile a leagtar amach in Iarscríbhinn VII, tar éis mír 4 d’Airteagal 13 agus mír 5 den Airteagal seo a chur san áireamh, ar choinníoll:

(a) go bhfuil na solúbthachtaí atá ar fáil de bhun Airteagal 12(1) den Rialachán seo, agus mír 3 agus mír 5 den Airteagal seo ídithe ag na Ballstáit sin; agus:

(b) gur chuir siad fianaise faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an méid seo a leanas:

(i) tionchar an athraithe aeráide arb iad astaíochtaí iomarcacha atá mar thoradh air, sin nó laghdú ar linnte nach bhfuil neart acu orthu; nó

(ii) an éifeacht atá ag cion fíor-ard ithreacha orgánacha ina limistéar talún bainistithe, i gcomparáid le meán an Aontais, a bhfuil astaíochtaí iomarcacha mar thoradh orthu, ar choinníoll go bhfuil na héifeachtaí sin inchurtha i leith cleachtais bainistithe talún a tharla roimh theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 529/2013/AE.

Ní fhéadfaidh méid an chúitimh dá dtagraítear sa chéad fhomhír dul thar 50 milliún tona de choibhéis $CO_2$ don Aontas ina iomláine. I gcás ina sáraíonn an t-éileamh ar chúiteamh an méid cúitimh atá ar fáil, déanfar an cúiteamh a dháileadh ar bhonn *pro rata* i measc na mBallstát lena mbaineann.

San fhianaise dá dtagraítear i bpointe (b)(i) den chéad fhomhír, áireofar measúnú cainníochtúil ar na héifeachtaí ar ghlanastaíochtaí nó glanaistrithe, i dtéarmaí milliún tona de choibhéis $CO_2$ don limistéar lena mbaineann, agus beidh sí bunaithe ar innéacsanna cainníochtúla, inchomparáide agus iontaofa, ar shonraí atá sainráite go geografach agus ar an bhfianaise eolaíochta is fearr atá ar fáil. Beidh sí bunaithe ar athruithe breathnaithe a chumhdaíonn, ar a laghad, an tréimhse 2001-2025, agus ar réamh-mheastacháin agus breathnuithe a ndearnadh athbhreithniú eolaíochta orthu don tréimhse 2026-2030. Léireofar léi na hathruithe a thagann sa mheántéarma nó san fhadtéarma ar shaintréithe aeráide atá ábhartha d’earnáil LULUCF, amhail an tuire, an teocht agus an bháisteach ar an meán, laethanta seaca, fad triomach meitéareolaíocha nó triomach ithreach. Ní áireofar sna hathruithe sin teagmhais de chineál sealadach ar féidir a chur san áireamh mar shuaitheadh nádúrtha de bhun Airteagal 10.

San fhianaise dá dtagraítear i bpointe (b) (ii) den chéad fhomhír, áireofar bonn cirt go sáraíonn an cion d'ithreacha orgánacha i limistéar talún bainistithe don Bhallstát lena mbaineann meánchion an Aontais don bhliain 2030. Áireofar san fhianaise anailís chainníochtúil, i milliún tona de choibhéis CO2, ar na hastaíochtaí tuairiscithe mar thoradh ar éifeachtaí leagáide ar ithreacha orgánacha bainistithe, bunaithe ar bhreathnuithe athbhreithnithe don tréimhse 2026-2030, sonraí inchomparáide, iontaofa, sainráite ó thaobh na geografaíochta de agus ar an bhfianaise eolaíochta is fearr atá ar fáil, go háirithe maidir le láithreáin chomhchosúla sa Bhallstát lena mbaineann. Sna hastaíochtaí sin atá le tuairisciú, ní áireofar teagmhais de chineál sealadach ar féidir a chur san áireamh mar shuaitheadh nádúrtha de bhun Airteagal 10. Beidh tuairisc ag gabháil leis an bhfianaise freisin ar na bearta atá á gcur chun feidhme faoi láthair lena n-íoslaghdaítear na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag éifeachtaí leagáide ar ithreacha orgánacha bainistithe.'

(14) *scriosta*

(15) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Faoin 15 Márta 2027 i gcás na tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 15 Márta 2032 i gcás na tréimhse ó 2026 go 2030, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil maidir le comhlíonadh faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh iarmhéid na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe iomlána don tréimhse ábhartha ar gach ceann de na catagóirí cuntasaíochta talún a shonraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (f), don tréimhse ó 2021 go 2025 agus in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j) don tréimhse ó 2026 go 2030, ag úsáid na rialacha cuntasaíochta a leagtar síos sa Rialachán seo.

Áireofar measúnú sa tuarascáil chomhlíontachta ar an méid seo a leanas:

(a) na beartais agus na bearta maidir le comhbhabhtálacha;

(b) na sineirgí idir maolú agus oiriúnú aeráide;

(c) sineirgí idir maolú aeráide agus bithéagsúlacht.

Sa tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, beidh mionsonraí faoin rún atá ann na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 agus na méideanna gaolmhara a úsáid nó faoi úsáid na solúbthachtaí agus na méideanna gaolmhara sin.

(b) cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

'1a. Féadfaidh na sonraí maidir le fardal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa arna gcur ar fáil ag gach Ballstát a bheith faoi réir ceartú teicniúil de bharr athrú modheolaíochta ag na Ballstáit. Mar sin féin, chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sprioc 2030 an Aontais, ní dhéanfaidh na ceartuithe teicniúla sin difear do luach ghlan-aistrithe na 310 milliún tona $CO_2$ mar shuim na nglan-aistrithe gás ceaptha teasa (in kt de choibhéis $CO_2$) in 2030 le haghaidh na mBallstát a leagtar amach i gColún D d'Iarscríbhinn IIa ná do na luachanna i gcolún C den Iarscríbhinn sin.

1b. Tabharfaidh na Ballstáit a léiríonn go bhfuil sé ar intinn acu an tsolúbthacht dá dtagraítear in Airteagal 13b(6) a úsáid tuairisc, i ranna tiomnaithe den tuarascáil, ar na bearta arna ndéanamh chun na héifeachtaí a luaitear i bpointe (b) d'Airteagal 13b(6) a mhaolú nó a aisiompú, chomh maith leis na héifeachtaí a breathnaíodh agus a bhfuiltear ag súil leo ó na bearta sin.'

(16) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na rialacha a leagan síos maidir le taifead agus cuntasaíocht chruinn a dhéanamh ar na hoibríochtaí seo a leanas i gClárlann an Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999:

(a) cainníocht na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe le haghaidh gach catagóire cuntasaíochta agus tuairiscithe talún i ngach Ballstát;

(b) feidhmiú an cheartúcháin theicniúil de bhun Airteagal 14(1a) den Rialachán seo;

(c) feidhmiú na solúbthachtaí de bhun Airteagail 12, 13, 13a agus 13b agus

(d) comhlíonadh na spriocanna de bhun Airteagal 13c.';

(17) cuirtear an tAirteagal 16a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 16a

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um Athrú Aeráide a bunaíodh le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) 2018/1999 cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheidh sa choiste sin[23].

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.’;

(18) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an chéad stocáireamh domhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, measúnú ar thionchair na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11, chomh maith le rannchuidiú an Rialacháin seo le gnóthú sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030 agus maidir leis an méid atá sé a chur le gnóthú spriocanna Chomhaontú Pháras, go háirithe maidir leis an ngá atá le beartais bhreise agus bearta breise ón Aontas, ag féachaint don mhéadú is gá a dhéanamh ar laghduithe agus aistrithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas.

---

23 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Áireofar, sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, measúnú ar an ngá atá leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a indéanta a bheadh sé é sin a dhéanamh maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa atá liostaithe in Alt A d’Iarscríbhinn I, mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999 agus a tharlaíonn ar chríocha na mBallstát ó 2031 amach, in aon cheann de na catagóirí cuntasaíochta talún a liostaítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j) agus in aon cheann de na hearnálacha seo a leanas:

(a) coipeadh eintreach;

(b) bainistíocht aoiligh;

(c) saothrú ríse;

(d) ithreacha talmhaíochta;

(e) loscadh machairí forordaithe;

(f) loscadh páirceanna d’fhuíoll talmhaíochta;

(g) aoladh;

(h) úsáid úiré;

(i) ‘leasacháin eile ina bhfuil carbón’;

(j) ‘eile’.

Beidh fócas faoi leith sa tuarascáil ar mheastóireacht ar an ngá agus ar a indéanta atá sé díriú ar an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach sna hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ar fud an Aontais sna catagóirí talún a liostaítear in Airteagal 2(2), pointe (a) go pointe (j) agus sna hearnálacha a liostaítear sa dara fomhír faoi 2035. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht sin ar indéantacht éifeachtaí struchtúr aoise na bhforaoisí i gcás inarb é laghdú linnte nó astaíochtaí iomarcacha laistigh de chríoch Ballstát aonair a bhíonn mar thoradh orthu, lena n-áirítear na héifeachtaí a bhaineann le háitiú chríoch Ballstáit, nó na himthosca cogaidh nó iarchogaidh a raibh tionchar acu ar bhainistiú foraoisí laistigh dá chríoch. Bunaithe ar an meastóireacht sin, áireofar sa tuarascáil freisin moltaí maidir leis na bearta is gá ón Aontas agus ó na Ballstáit le gur féidir an sprioc sin a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann don bhliain 2035.

Tar éis na tuarascála, déanfaidh an Coimisiún tograí reachtacha i gcás ina gcinneann sé a bheith iomchuí.';

(19) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(19a) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha don Spáinn, don tSlóivéin agus don Fhionlainn:

| An Ballstát | Limistéar (ha) | Cumhdach Mullaí Crann (%) | Airde Crann (m) |
|---|---|---|---|
| An Spáinn | 1,0 | 20<br>Ó thráth chur isteach an fhardail gás ceaptha teasa in 2028 ar aghaidh: 10 | 3 |
| An tSlóivéin | 0.25 | 10 | 5 |
| An Fhionlainn | 0.25 | 10 | 5 |

(20) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn IIa.

*Airteagal 2*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear pointí (63) agus (64) seo a leanas leis:

'(63) ciallaíonn 'córas faisnéise geografaí' córas ríomhaireachta atá in ann faisnéis ina bhfuil tagairtí geografacha a ghabháil, a stóráil, a anailísiú agus a thaispeáint;

'(64) ciallaíonn 'feidhmchlár geo-spásúil' feidhmchlár leictreonach ina gcuimsítear feidhmchlár TF atá bunaithe ar chóras faisnéise geografaí lena gcuirtear ar chumas tairbhithe, dáileachtaí talmhaíochta an ghabháltais agus limistéir nach limistéir thalmhaíochta a bhfuil íocaíocht éilithe ina leith a dhearbhú go spásúil';

(2) i bpointe (a)(1) d'Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'maidir le gealltanais agus spriocanna náisiúnta na mBallstát i ndáil le haistrithe astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Airteagal 4(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/841';

(3) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'In 2025, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na sonraí ó na fardail náisiúnta arna dtíolacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 26(4) den Rialachán seo, chun spriocanna bliantúla an laghdaithe ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa do na Ballstáit a chinneadh de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2018/841 agus chun leithdháiltí astaíochtaí bliantúla na mBallstát a chinneadh de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2018/842';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Áireofar ar an athbhreithniú cuimsitheach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a:'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'Tráth athbhreithniú cuimsitheach a chríochnú, arna dhéanamh de bhun mhír 1, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh maidir le suim iomlán na n-astaíochtaí do na blianta ábhartha a eascraíonn ó na sonraí ceartaithe fardail do gach Ballstát agus sin roinnte idir na sonraí astaíochta atá ábhartha d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/842 agus do shonraí astaíochta dá dtagraítear i gCuid 1, pointe (c), Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus chun suim iomlán na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe a chinneadh is ábhartha d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/841.';

(4) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| An tUachtarán | An tUachtarán |

## IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841, cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn B:

‘B. Taiscumair charbóin dá dtagraítear in Airteagal 5(4):

(a) bithmhais bheo;

(b) bruscar[1];

(c) adhmad marbh[1];

(d) ábhar orgánach marbh[2];

(e) ithreacha mianracha;

(f) ithreacha orgánacha;

(g) táirgí adhmaid lománaithe i gcatagóirí cuntasaíochta talún de thalamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe.’

---

**1** Tá feidhm leis maidir le Talamh Foraoisithe agus Talamh Foraoise Bainistithe amháin.

**2** Tá feidhm leis maidir le Talamh Dífhoraoisithe, Talamh Curaíochta Bainistithe, Féarthalamh Bainistithe agus Bogaigh Bhainistithe amháin.

**IARSCRÍBHINN II**

Cuirtear isteach an Iarscríbhinn IIa seo a leanas a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841:

'Iarscríbhinn IIa

Sprioc an Aontais (colún D), meán na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018 (colún B) agus spriocanna náisiúnta na mBallstát (colún C) de bhun Airteagal 4(2) atá le baint amach in 2030

| A | B | C | D |
|---|---|---|---|
| An Ballstát | Meán na sonraí fardail gás ceaptha teasa do na blianta 2016, 2017 agus 2018 (kt de choibhéis $CO_2$), aighneacht 2020 | Spriocanna na mBallstát, 2030 (kt de choibhéis $CO_2$) | Luach na nglanaistrithe gás ceaptha teasa in (kt de choibhéis $CO_2$) in 2030, aighneacht 2020 (Colúin B+C) |
| An Bheilg | -1 032 | -320 | -1 352 |
| An Bhulgáir | -8 554 | -1 163 | -9 718 |
| An tSeicia | -401 | -827 | -1 228 |
| An Danmhairg | 5 779 | -441 | 5 338 |
| An Ghearmáin | -27 089 | -3 751 | -30 840 |
| An Eastóin | -2 112 | -434 | -2 545 |
| Éire | 4 354 | -626 | 3 728 |
| An Ghréig | -3 219 | -1 154 | -4 373 |
| An Spáinn | -38 326 | -5 309 | -43 635 |
| An Fhrainc | -27 353 | -6 693 | -34 046 |
| An Chróit | -4 933 | -593 | -5 527 |
| An Iodáil | -32 599 | -3 158 | -35 758 |
| An Chipir | -289 | -63 | -352 |
| An Laitvia | -6 | -639 | -644 |
| An Liotuáin | -3 972 | -661 | -4 633 |
| Lucsamburg | -376 | -27 | -403 |
| An Ungáir | -4 791 | -934 | -5 724 |
| Málta | 4 | -2 | 2 |
| An Ísiltír | 4 958 | -435 | 4 523 |
| An Ostair | -4 771 | -879 | -5 650 |
| An Pholainn | -34 820 | -3 278 | -38 098 |
| An Phortaingéil | -390 | -968 | -1 358 |
| An Rómáin | -23 285 | -2 380 | -25 665 |
| An tSlóivéin | 67 | -212 | -146 |
| An tSlóvaic | -6 317 | -504 | -6 821 |
| An Fhionlainn | -14 865 | -2 889 | -17 754 |
| An tSualainn | -43 366 | -3 955 | -47 321 |
| AE-27/Aontas | -267 704 | -42 296 | -310 000 |

## IARSCRÍBHINN III

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999:

'Le haghaidh faireachán agus tuairisciú a dhéanamh san earnáil LULUCF, úsáidfidh na Ballstáit [...] sonraí sainráite ó thaobh na geografaíochta de maidir le tiontuithe talamhúsáide i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta gás ceaptha teasa. Moltar do na Ballstáit sineirgí agus deiseanna a fhiosrú ar mhaithe leis an tuairisciú a chomhdhlúthú le réimsí beartais ábhartha eile. Moltar do na Ballstáit a bhfardail gás ceaptha teasa a oibriú ar bhonn bunachar sonraí leictreonach agus córas faisnéise geografaí, amhail:

(a) córas chun faireachán a dhéanamh ar aonaid úsáide talún le talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, mar a shainmhínítear in Airteagal 29(4) de Threoir 2018/2001;

(b) córas chun faireachán a dhéanamh ar aonaid úsáide talún atá faoi réir cosanta, a shainmhínítear mar thalamh atá cumhdaithe le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

- Talamh a bhfuil luach ard bithéagsúlachta aige mar a shainmhínítear in Airteagal 29(3) de Threoir 2018/2001;
- Láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo agus Limistéir Chaomhantais Speisialta mar a shainmhínítear le hAirteagal 4 de Threoir 92/43/CEE[24] ón gComhairle agus aonaid talún lasmuigh díobh atá faoi réir bearta cosanta agus caomhnaithe faoi Airteagal 6(1) agus (2) den Treoir sin d'fhonn cuspóirí caomhnaithe láithreáin a chomhlíonadh;
- Láithreáin phórúcháin agus áiteanna scíthe na speiceas atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE atá faoi réir bearta cosanta faoi Airteagal 12 den Treoir sin;

24 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

- Na gnáthóga nádúrtha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus gnáthóga na speiceas atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 92/43/CEE a fhaightear lasmuigh de láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo nó limistéir chaomhantais speisialta agus a rannchuidíonn leis na gnáthóga agus leis na speicis sin stádas fabhrach caomhnaithe a bhaint amach faoi Airteagal 2 den Treoir sin nó ar féidir iad a chur faoi réir bearta coisctheacha agus feabhais faoi Threoir 2004/35/CE[25];

- Limistéir chaomhantais speisialta a aicmítear faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] agus na haonaid talún lasmuigh díobh atá faoi réir bearta cosanta agus caomhnaithe faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CEE agus Airteagal 6(2) de Threoir 92/43/CEE d'fhonn cuspóirí caomhnaithe láithreáin a chomhlíonadh;

- Aonaid talún atá faoi réir bearta le haghaidh caomhnú éan a thuairiscítear mar éan nach bhfuil stádas slán acu faoi Airteagal 12 de Threoir 2009/147/CE d'fhonn an ceanglas faoi Airteagal 4(4), an dara habairt den Treoir sin a chomhlíonadh, in iarracht truailliú agus meathlú gnáthóige a sheachaint nó an ceanglas faoi Airteagal 3 den Treoir sin a chomhlíonadh chun éagsúlacht agus limistéar leordhóthanach gnáthóg do speicis éan a chaomhnú, agus a choinneáil ar bun;

- Aon ghnáthóg eile arna ainmniú ag na Ballstáit chun críocha atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i dTreoir 92/42/CEE agus 2009/147/CE;

---

**25** Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

**26** Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

- Aonaid talún atá faoi réir bearta is gá chun stádas éiceolaíoch na ndobharlach uisce dromchla dá dtagraítear in Airteagal 4(iii) de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chosaint agus chun neamh-mheathlú an stádais sin a áirithiú[27];

- Tuilemhánna nádúrtha nó limistéir chun uisce ó thuilte a choimeád atá faoi chosaint na mBallstát i ndáil le bainistíocht riosca i gcás tuilte faoi Threoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28];

(c) córas chun faireachán a dhéanamh ar aonaid úsáide talún faoi réir athchóirithe, arna shainiú mar thalamh atá cumhdaithe le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

- Láithreáin a bhfuil tábhacht chomhphobail leo, limistéir chaomhantais speisialta agus limistéir faoi chosaint speisialta mar a thugtar tuairisc orthu i bpointe (b) thuas, mar aon leis na haonaid talún lasmuigh díobh atá sainaitheanta mar chinn a bhfuil bearta athchóirithe nó cúiteacha de dhíth orthu, atá dírithe ar chuspóirí caomhnaithe láithreáin a chomhlíonadh;

- Gnáthóga na speiceas éan fiáin dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2009/147/CE nó atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis sin, a fhaightear lasmuigh de limistéir faoi chosaint speisialta agus atá sainaitheanta mar chinn a bhfuil bearta athchóirithe de dhíth orthu chun críoch Threoir 2009/147/CE;

---

**27** Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

**28** Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

- Na gnáthóga nádúrtha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus gnáthóga na speiceas atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 92/43/CEE lasmuigh de láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo nó limistéir chaomhantais speisialta agus atá sainaitheanta mar chinn a bhfuil bearta athchóirithe de dhíth orthu chun críoch stádas fabhrach caomhantais a bhaint amach faoi Threoir 92/43/CEE agus/nó atá sainaitheanta mar chinn a bhfuil bearta feabhais de dhíth orthu chun críoch Airteagal 6 de Threoir 2004/35/CE;

- Limistéir atá sainaitheanta mar chinn a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu de réir plean athbhunaithe dúlra is infheidhme i mBallstát;

- Aonaid talún atá faoi réir bearta a éilítear chun stádas maith éiceolaíoch a chur ar ais sna dobharlaigh uisce dromchla dá dtagraítear in Airteagal 4(iii) de Threoir 2000/60/CE, nó bearta a éilítear chun stádas ard éiceolaíoch a chur ar ais i ndobharlaigh mar sin i gcás ina gceanglaítear é sin de réir dlí;

- Aonaid talún atá faoi réir bearta chun limistéir bhogaigh, dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI.B(vii) de Threoir 2000/60/CE, a athchruthú agus a athchóiriú;

- Limistéir a bhfuil athchóiriú éiceachórais de dhíth orthu chun riocht mhaith éiceachórais a bhaint amach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29];

(d) córas chun faireachán a dhéanamh ar aonaid úsáide talún a bhfuil riosca ard aeráide ag baint leo:

- Limistéir faoi réir cúitimh de bharr suaití nádúrtha faoi mhír 5 d’Airteagal 13b de Rialachán (AE) 2018/841

---

**29** Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

- Limistéir dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2007/60/CE
- Limistéir atá sainaitheanta i straitéis náisiúnta um oiriúnú na mBallstát mar limistéir ina bhfuil rioscaí arda nádúrtha agus rioscaí de dhéantús an duine, faoi réir gníomhaíochtaí laghdaithe rioscaí tubaiste a bhaineann leis an aeráid.

Leis an bhfardal gás ceaptha teasa beifear, i gcás inarb infheidhme, in ann sonraí a mhalartú agus a chomhtháthú idir na bunachair sonraí leictreonacha agus na córais faisnéise gheografacha.

Don tréimhse 2021-2025, féadfaidh na Ballstáit modheolaíochtaí Leibhéal 1 i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT a úsáid do linn charbóin arb ionann í agus 25 %, ar a laghad, d'astaíochtaí nó d'aistrithe i bhfoinse nó i gcatagóir linnte a dtugtar tosaíocht di laistigh de chóras náisiúnta fardail de chuid Ballstáit toisc go bhfuil tionchar suntasach ag an meastachán a dhéantar uirthi ar fhardal iomlán tíre GCTanna i dtéarmaí dearbh-leibhéal astaíochtaí agus aistrithe, an treocht maidir le hastaíochtaí nó le haistrithe, nó an neamhchinnteacht sna hastaíochtaí agus sna haistrithe sna catagóirí úsáide talún, agus sa chás sin, úsáidfear modheolaíochtaí Leibhéal 2, ar a laghad, i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT.

Ó thráth chur isteach an fhardail gás ceaptha teasa in 2028 ar aghaidh, úsáidfidh na Ballstáit modheolaíochtaí Leibhéal 2, ar a laghad, i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT agus moltar dóibh modheolaíochtaí Leibhéal 3 a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'fhardail náisiúnta GCT.'